Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8809/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0105 (NLE)**

**COASI 61**
**ASIE 23**
**CONOP 29**
**COTER 70**
**POLCOM 85**
**SUSTDEV 23**
**PI 84**
**GENDER 36**
**JAI 568**
**MIGR 159**
**COHAFA 30**
**COHOM 62**
**CODRO 1**
**COMPET 355**
**TELECOM 136**
**RECH 201**
**CLIMA 136**
**ENER 121**
**TRANS 170**
**TOUR 6**
**EDUC 141**
**CULT 46**
**ENV 321**
**POLMAR 23**
**SAN 212**
**AGRI 183**
**EMPL 171**
**STATIS 30**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 193 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinntí ón gComhchoiste a ghlacadh maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, agus bunú meithleacha speisialaithe agus glacadh théarmaí tagartha na meithleacha sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 193 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 193 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2025
COM(2025) 193 final

2025/0105 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinntí ón gComhchoiste a ghlacadh maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, agus bunú meithleacha speisialaithe agus glacadh théarmaí tagartha na meithleacha sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Ríocht na Téalainne i ndáil le cinntí a bhfuil sé beartaithe iad a glacadh maidir le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste agus bunú meithleacha speisialaithe agus glacadh théarmaí tagartha na meithleacha sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach

Is é is aidhm don Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ('an Comhaontú') caidreamh réamhbhreathnaitheach a bhunú ina mbeidh dearcadh níos struchtúrtha agus níos straitéisí, luachanna comhroinnte agus saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, mar aon le hidirphlé agus comhar cuimsitheach idir na Páirtithe in earnálacha leasa choitinn. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 20 Deireadh Fómhair 2024 ann.

### 2.2. An Comhchoiste

Cuirtear an Comhchoiste ar bun le hAirteagal 52 den Chomhaontú. Is iad na príomhchúraimí atá air feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú agus tosaíochtaí a leagan síos i ndáil le haidhmeanna an Chomhaontaithe. Ar fheidhmeanna eile an Chomhchoiste, tá an méid seo a leanas: moltaí a dhéanamh chun aidhmeanna an Chomhaontaithe a chur chun cinn, aon difríocht nó éagsúlacht a réiteach a eascraíonn as léirmhíniú, cur chun feidhme nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile maidir le neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gComhaontú.

Tá an Comhchoiste le moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha den Chomhaontú. Feidhmíonn an Comhchoiste de chomhthoil agus tagann sé le chéile ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach de ghnáth. Tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Féadfaidh sé meithleacha speisialaithe a chur ar bun chun déileáil le saincheisteanna sonracha.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn a chéad chruinnithe, tá an Comhchoiste le cinntí a ghlacadh maidir le glacadh rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus bunú meithleacha speisialaithe agus glacadh théarmaí tagartha na meithleacha sin ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe rialacha nós imeachta a bheidh mar bhonn faoi eagrú an Chomhchoiste agus téarmaí tagartha na meithleacha speisialaithe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 52(5) den Chomhaontú. Ba cheart seasamh an Aontais a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí ón gComhchoiste.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais rialacha nós imeachta Chomhchoiste AE-na Téalainne agus téarmaí tagartha na meithleacha speisialaithe a ghlacadh. Ba cheart an seasamh a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí ón gComhchoiste.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna bhunú le comhaontú, is é sin an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 52(5) den Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8(2) de na Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

[1] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú leis an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, ar comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a chur san áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhar um fhorbairt.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 209 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0105 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinntí ón gComhchoiste a ghlacadh maidir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, agus bunú meithleacha speisialaithe agus glacadh théarmaí tagartha na meithleacha sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile ('an Comhaontú') an 14 Nollaig 2022 agus cuireadh i bhfeidhm é go sealadach ón 20 Deireadh Fómhair 2024, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2562 ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 52(5) den Chomhaontú, glacann an Comhchoiste a rialacha nós imeachta.

(3) Le linn a chéad chruinnithe, tá an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, mar aon le téarmaí tagartha na meithleacha speisialaithe.

(4) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE ag an gcinneadh lena nglactar rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus ag an gcinneadh maidir le téarmaí tagartha meithleacha speisialaithe a ghlacadh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí atá i gceangal sna hiarscríbhinní,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú de chuid an Chomhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 52(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta an Chomhchoiste agus bunú a mheithleacha speisialaithe agus glacadh

[2] IO L 330, 23.12.2022, lgh. 70–71.

théarmaí tagartha na meithleacha sin, beidh sé bunaithe ar dhréachtghníomhartha an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*